Dia do réiteach ar gcarad

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 40]

Giolla na Naomh Ruadh Mhac Eochadha .cc.

1 Dia do réitioch ar gcarad,
an Rí bhacas gach buadhairt,
deighshliocht Seaáin mhic Rémuinn
is mac Émuinn Í Thuathail.

2 Atá aca ré chéile
cairdios nach éidir d’fholach,
ní as sia ná caoga bliadhan
gan fheirg niata gan chogadh.

3 Fédaidh Dia cosc a bhfeirge,
gan rún ceilge ’na gcridhibh;
gar réitioch d’fheirg na gcarad,
an fhearg fhada ní dhlighid.

4 Eidir Aodh ’s an dá Fhiachaidh
ná reacthar briathar uatha,
’s ná creideadh aoinneach eile
gomadh deimhin a bhfuardhacht.

5 Sliocht Aodha nár thuill toibhéim,
fir gan droichmhéin ’na gcridhibh,
’s mac Airt nár thionnscain meabhuil,
Dia dá seachna ar fheirg righin.

6 An ttuigid ar n-aos grádha
gurb é áithios a námhad
a mbeith scaoilte ré chéile
gan bharr réitigh gan chádhus?

7 Teagosc mar theagosc Thorna
do Chorc ródha ’s do ríNiall
do-bhéaruinn d’Fhiacha Ó Thuathail
’s d’Aodh nár fhuathaigh beith fíríal

8 Anuid ar teagusc Torna
fir bhorba fá lór tréine,
Corc agus macraidh Macha,
gan chor gcatha ré chéile.

9 Mar sin as cosmhuil don charuid
dán cóir carthoin ar gceirde,
bheith réidh go gcead dá n-ollamh,

gan chath, gan fhocal feirge.

10 An Spiorad Naomh ’s an tAthair
’s an Mac lér gabhadh géirphian,
go ttí chugainn ré dísle
grása an Trír-si san éinDia.